C/2026/1463

9.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12076 — RTL / SKY DACH)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1463)

1. An 27 Feabhra 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— RTL Deutschland GmbH ('RTL', an Ghearmáin), faoi rialú Bertelsmann SE & Co. KGaA (an Ghearmáin);

— Sky German Holdings GmbH ('Sky DACH', an Ghearmáin), faoi rialú Comcast Corporation (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh RTL rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sky DACH.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa iriseoireachta agus siamsaíochta é RTL atá gníomhach ar fud raon leathan meán amhail teilifís agus sruthú, cló agus digiteach, raidió agus podchraoltaí. Tá sé gníomhach ar fud leibhéil éagsúla den slabhra luacha closamhairc, lena n-áirítear seirbhísí léiriúcháin, craoltóireachta agus fógraíochta, go príomha sa Ghearmáin, san Ostair agus san Eilvéis,

— Is oibreoir teilifíse táille é Sky DACH atá gníomhach ar fud an tslabhra luacha closamhairc sa Ghearmáin, san Ostair agus san Eilvéis, agus i gcríocha na Tioróile Theas, Lucsamburg agus Lichtinstéin ina labhraítear an Ghearmáinis.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12076 — RTL / SKY DACH

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').